RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/220 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Samhain 2024

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin trí ghnéithe mionsonraithe an scórchláir do Phlean na hÚcráine a leagan amach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/792 bunaíodh an tSaoráid don Úcráin ('an tSaoráid') chun rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar bhearna mhaoinithe na hÚcráine agus cobhsaíocht macrairgeadais a choinneáil go dtí 2027. Is é is cuspóir don tSaoráid rannchuidiú le riachtanais téarnaimh, atógála agus nuachóirithe na hÚcráine agus tacú ag an am céanna le hiarrachtaí athchóirithe na tíre ar a conair aontachais i dtreo ballraíocht san Aontas a bhaint amach.

(2) De bhun Airteagal 39 de Rialachán (AE) 2024/792, ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Saoráide agus measúnú a dhéanamh ar bhaint amach a cuspóirí. Tá an faireachán ar chur chun feidhme na Saoráide le bheith spriocdhírithe agus comhréireach leis na gníomhaíochtaí a dhéanfar faoin tSaoráid.

(3) De bhun Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2024/792, tá an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme Phlean na hÚcráine (Colún I den tSaoráid) le taispeáint i bhfoirm scórchláir le haghaidh Phlean na hÚcráine ('an Scórchlár').

(4) Ba cheart faisnéis maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme Phlean na hÚcráine arna fhormheas le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ([2]) ón gComhairle a léiriú ar bhealach trédhearcach sa Scórchlár.

(5) Ba cheart gnéithe den Scórchlár a bheith bunaithe ar na nithe seo a leanas amháin: (i) an fhaisnéis atá san áireamh i bPlean na hÚcráine arna mheasúnú i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) 2024/792; (ii) na measúnuithe ar chomhlíonadh sásúil na gcéimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/792; agus (iii) eisíocaíochtaí arna n-údarú de bhun Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/792.

(6) Ós rud é go bhfuil an Scórchlár le bheith oibríochtúil ón 1 Eanáir 2025 agus ionas go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

([1]) IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj.
([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine (IO L, 2024/1447, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1447/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Gnéithe an Scórchláir do Phlean na hÚcráine

Áireofar sa Scórchlár na gnéithe seo a leanas chun an dul chun cinn i gcur chun feidhme Phlean na hÚcráine a léiriú:

(a) comhlíonadh na gcéimeanna, lena léirítear cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447, trí na céimeanna ar comhlíonadh iad go sásúil a liostú, san iomlán agus arna miondealú de réir athchóirithe agus infheistíochtaí, líon na gcéimeanna a léiriú, agus an céatadán thar líon iomlán na gcéimeanna a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 a léiriú;

(b) dul chun cinn maidir le heisíocaíocht na tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha agus iasachtaí neamh-inaisíoctha;

(c) comhpháirteanna de na cistí eisíoctha;

(d) tagairtí do na measúnuithe;

(e) dul chun cinn maidir le Plean na hÚcráine a chur chun feidhme de réir chaibidlí an Phlean sin;

(f) crostagairt a dhéanamh do liosta na ndaoine agus na n-eintiteas a fhaigheann cistiú is mó ná coibhéis EUR 100 000 go carnach le linn na tréimhse 4 bliana le haghaidh cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a shonraítear i bPlean na hÚcráine, arna fhoilsiú ag an Úcráin i gcomhréir le hAirteagal 27(1) de Rialachán (AE) 2024/792.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN